Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8633/21**

**CT 63**
**ENFOPOL 177**
**COTER 61**
**JAI 519**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8036/1/21 REV 1 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le tionchar phaindéim COVID-19 ar bhagairt na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, lena n-áirítear an tionchar ar údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh agus ar a ngníomhaíochtaí<br>*- Formheas* |

1. An 7 Nollaig 2020, chuir Uachtaránacht na Portaingéile, an uachtaránacht inteachta an tráth sin, ceistneoir amach maidir le beartais chun an radacú i bpríosúin a chosc agus a chomhrac (CM 5237/20) , chun measúnú a dhéanamh ar thionchar phaindéim COVID-19 ar an mbagairt a eascraíonn as an sceimhlitheoireacht agus as an antoisceachas foréigneach, go háirithe ar ghníomhaíochtaí frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh.

2. Na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo dar teideal 'Tionchar phaindéim COVID-19 ar bhagairt na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, lena n-áirítear an tionchar ar údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh agus ar a ngníomhaíochtaí', tá siad bunaithe ar fhreagraí na mBallstát ar an gceistneoir, ar an bplé a rinneadh ag cruinnithe na Meithle um Sceimhlitheoireacht an 6 Eanáir agus an 28 Aibreán 2021, ar bharúlacha scríofa na mBallstát agus ar chuir i láthair agus ar mheasúnuithe a rinne na Ballstáit chomh maith le INTCEN agus Europol ar an ábhar, ar an obair a rinne an Coimisiún maidir le tionchar COVID ar obair choisctheach[1] agus Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais[2].

3. Ba cheart féachaint ar na conclúidí freisin i gcomhthéacs dhíospóireacht bheartais na Comhairle atá beartaithe don 8 Meitheamh 2021 maidir le 'COVID-19 agus an choireacht a chomhrac: bliain níos moille' agus na dréachtchonclúidí ón Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí i ndáil leis an ábhar céanna.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad, a dhearbhú agus iad a chur faoi bhráid na Comhairle lena bhformheas.

---

[1] 'Cosc a chur leis an radacú le linn paindéimí' agus 'Treoracha straitéiseacha maidir le cur chuige comhordaithe de chuid an Aontais chun an radacú a chosc do 2021 – Tosaíochtaí agus príomhghníomhaíochtaí'.

[2] 'An Sceimhlitheoireacht in aimsir an Choróinvíris: Forbairt bhagairt na sceimhlitheoireachta mar thoradh ar ghéarchéim Covid-19' (7838/1/20 REV 1).

**IARSCRÍBHINN**

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE

'Tionchar phaindéim COVID-19 ar bhagairt na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, lena n-áirítear an tionchar ar údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh agus ar a ngníomhaíochtaí'

**Réamhrá**

1. Measann Comhairle an Aontais Eorpaigh nach bhfuil méadú tagtha, de dheasca phaindéim COVID-19, ar bhagairt na sceimhlitheoireachta ar na Ballstáit go dtí seo, cé gur bagairt mhór fós í. Mar sin féin, tá níos mó gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta á ndéanamh ar líne anois agus tá radacú méadaithe le brath cheana féin ar roinnt grúpaí.

2. Aithníonn an Chomhairle go raibh ar údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh dul i dtaithí ar na srianta a chruthaigh paindéim COVID-19 agus go mbíonn siad ag brath níos mó ar acmhainní (slána éifeachtúla) ar líne.

3. Is é tuairim na Comhairle freisin go bhféadfadh iarmhairtí socheacnamaíocha phaindéim COVID-19 tionchar diúltach a bheith acu ar bhagairtí sceimhlitheoireachta agus antoisceachais fhoréignigh sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus chothófaí leis sin radacú ar speictrim idé-eolaíocha éagsúla.

4. Dá bhrí sin, tá an Chomhairle tiomanta a áirithiú go mbeidh acmhainní agus uirlisí leormhaithe ar fáil d'údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh sna Ballstáit ionas gur féidir leo freagairt go leanúnach agus go héifeachtúil ar bhagairtí na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais atá ag teacht chun cinn.

**Cúrsaí mar atá faoi láthair**

5. Tugann an Chomhairle dá haire gurbh éagsúil an tionchar a bhí ag paindéim COVID-19 ar údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh; bhí ar na seirbhísí faisnéise slándála agus ar fhormhór na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí dul i ngleic le srianta ar roinnt dá gcuid gníomhaíochtaí, amhail cruinnithe fisiceacha nó obair oibríochtúil, ach ní mar sin a bhí d'údaráis inniúla eile.

6. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur mó an ról atá ag an ngné ar líne anois ó thosaigh an phaindéim, ní hamháin toisc gur aistrigh líon méadaitheach de na bagairtí sceimhlitheoireachta agus antoisceachais ó thimpeallacht fhisiceach go timpeallacht dhigiteach (e.g. cumarsáid, maoiniú, bolscaireacht, radacú, earcaíocht etc.) agus gur bhain siad leas níos mó as raon níos leithne teicneolaíochtaí agus uirlisí nua (criptea-airgeadraí, feidhmchláir chriptithe, suíomhanna gréasáin 3.0 díláraithe etc.), ach toisc gurbh éigean d'údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh (tuilleadh) gníomhaíochtaí ar líne a dhéanamh freisin chun a gcuid oibre laethúla a dhéanamh.

7. Admhaíonn an Chomhairle na dúshláin a bhaineann le staid phaindéim COVID-19 don obair laethúil a dhéanann údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh, go háirithe agus faisnéis rúnaicmithe á láimhseáil agus aithníonn sí gur gá teacht ar an gcothromaíocht cheart idir acmhainneacht oibríochtúil agus slándáil a ráthú do ghníomhaíochtaí frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh ar líne, agus na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil á n-urramú ag an am céanna.

8. Mar sin féin, tarraingíonn an Chomhairle aird air, cé go bhfuil cruinnithe agus gníomhaíochtaí fisiceacha ríthábhachtach do ghníomhaíochtaí frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh, go háirithe nuair a bhíonn siad bunaithe ar 'caidreamh muiníne', gur féidir iarrachtaí comhpháirteacha agus sineirgí frithpháirteacha a bhaint amach ar líne, rud a fhágann go mbíonn na húdaráis in ann am a shábháil agus acmhainní airgeadais agus comhshaoil a chaomhnú, nuair is féidir sin a dhéanamh i gcomhréir leis na ceanglais rúndachta agus an tslándáil gréasáin.

9. Cé go n-aithníonn an Chomhairle nár tháinig méadú suntasach ar na hionsaithe sceimhlitheoireachta de thoradh phaindéim COVID-19, tá an baol ann sa mheántéarma agus san fhadtéarma go gcothófar timpeallacht fhabhrach i gcomhair insintí antoisceacha (d'idé-eolaíochtaí éagsúla) i ngeall ar an bpaindéim agus a hiarmhairtí socheacnamaíocha. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt ar aird go bhfuil COVID-19 cuimsithe cheana féin ina n-insintí ag grúpaí atá i bhfad amach ar an eite chlé agus ar an eite dheas agus ag grúpaí antoisceacha Ioslamacha. Tá tuilleadh machnaimh á dhéanamh freisin ar an éiginnteacht agus an imní a chruthaigh an phaindéim, agus ar an am breise a bhíonn á chaitheamh ag daoine ar líne, a d'fhéadfadh soghabháltacht daoine i leith insintí antoisceacha foréigneacha a mhéadú.

10. Admhaíonn an Chomhairle go bhféadfadh roinnt dreamanna foréigneacha ar imeall ghluaiseachtaí 'lucht séanta an choróinvíris' agus grúpaí atá i gcoinne bearta rialtais lena gcuirtear srian le leathadh COVID-19, a mheall antoiscigh ó chúlraí éagsúla idé-eolaíocha, go bhféadfaidís dúshláin slándála a thabhairt ar deireadh i ngeall ar an acmhainneacht atá iontu gníomhartha foréigneacha a dhéanamh agus, dá bhrí sin, ag brath ar conas a fhorbraíonn siad le himeacht ama, b'fhéidir go mbeadh gá le tuilleadh iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt orthu.

**An gá le gníomhaíocht**

11. I bhfianaise na staide, admhaíonn an Chomhairle an obair a rinneadh cheana sna Ballstáit, laistigh dá gcreataí náisiúnta féin agus trína n-údaráis inniúla, chun an tuiscint agus an measúnú ar an ngné ar líne de bhagairt na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh a thabhairt cothrom le dáta i gcónaí, agus iarrann sí ar na Ballstáit cur go leanúnach leis an tuiscint agus an measúnú sin ar bhonn deonach trí fhaisnéis a chur ar fáil do chomhlachtaí ábhartha an Aontais. Chuige sin, agus faoi chuimsiú a sainchúraimí faoi seach, ba cheart do INTCEN agus Europol leanúint dá measúnú ar thionchar na paindéime ar oibríochtaí sceimhlitheoireachta a dhoimhniú agus ar iarrachtaí a d'fhéadfadh eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus grúpaí antoisceacha foréigneacha dhéanamh le leas a bhaint as an ngéarchéim reatha.

12. IARRANN an Chomhairle ar na Ballstáit éifeacht a thabhairt go pras d'fhorálacha an Rialacháin chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne[3], agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar Aonad Atreorúcháin ar Líne an Aontais Eorpaigh leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit lena gcuid saineolais theicniúil agus oibríochtúil.

13. Bunaithe ar an ngné ar líne de bhagairtí na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh agus feiniméin ghaolmhara eile, amhail polarú na sochaí, bréagaisnéis agus gluaiseachtaí foréigneacha de chuid gluaiseachtaí 'lucht séanta an choróinvíris', chomh maith leis na féidearthachtaí teicniúla atá ann faoi láthair, amhail iad siúd a bhaineann leis an intleacht shaorga, CUIREANN an Chomhairle I dTREIS gur gné thábhachtach eile nach mór aird a thabhairt air é tionchar na n-algartam agus an ról atá acu sa radacú agus san antoisceachas foréigneach a chothú[4].

---

[3] [*An dáta foilsithe san IO le cur isteach*]

[4] 12735/20: *The role of algorithmic amplification in promoting violent and extremist content and its dissemination on platforms and social media* [Ról an mhéadaithe algartamaigh in ábhar foréigneach agus antoisceach a chur chun cinn agus a scaipeadh ar ardáin agus ar na meáin shóisialta] (páipéar mhí na Nollag 2020 ó Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais).

14. MOLTAR do na Ballstáit agus don Choimisiún leanúint dá gcuid iarrachtaí cosc a chur le gach cineál bolscaireachta neamhdhleathaí antoisceachais agus sceimhlitheoireachta, chomh maith le gríosú foréigin agus maoiniú neamhdhleathach fuathchainte agus antoisceachais fhoréignigh, agus Á CHUR I dTREIS AICI an rannchuidiú tábhachtach is féidir le hidirghabhálaithe na soláthraithe seirbhíse idirlín a chur ar fáil i gcomhrac an ábhair neamhdhleathaigh agus a mhéadaithe, agus i gcomhthéacs na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha atá á phlé faoi láthair.

15. Thairis sin, tugann an Chomhairle dá haire gur cheart aird níos mó a thabhairt ar bhagairtí agus rioscaí slándála atá ag teacht chun cinn, chomh maith leis na deiseanna a eascraíonn as teicneolaíochtaí nua. Cuireann sí i dtreis ról Mhol Nuálaíochta an Aontais mar fhaireachlann ar fhorbairtí nua teicneolaíochta agus mar spreagadh don nuálaíocht, lena n-áirítear trí réitigh theicniúla chaighdeánacha a cheapadh do na Ballstáit i réimse na slándála inmheánaí i gcomhréir le sainorduithe na ngníomhaireachtaí lena mbaineann.

16. Go háirithe agus na srianta agus na laincisí atá ann de dheasca phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh, chomh maith leis an measúnú go bhféadfadh cuid de na hiarrachtaí agus de na sineirgí tarlú ar líne – gan beann ar na hardáin agus na córais shlána chumarsáide a úsáideann na húdaráis inniúla cheana féin le haghaidh comhar idir na Ballstáit agus laistigh díobh – AITHNÍONN an Chomhairle freisin agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé leanúint de chórais shlána físchomhdhála a fhorbairt lena bhféadfar faisnéis rúnaicmithe a phlé. ADMHAÍONN an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá sé leanúint de chainéil shlána a fhorbairt chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartú i scríbhinn.